Dréacht Pholasaí Éide Scoile

Coláiste na bPiarsach Ros Muc

Baineann an polasaí seo le scoláirí na scoile, lena dtuismitheoirí/caomhnóirí agus le foireann na scoile chomh maith le Bord Bainistíochta na scoile in éineacht le Bord Oideachais & Oiliúna Gaillimh agus Ros Comáin.

Baint le sanspiorad na scoile

Is cuid lárnach d'aitheantas dhaltaí na scoile í an chulaith scoile. Táthar ag súil go gcaithfidh gach uile dalta an chulaith scoile le dínit agus bród, leis an tuiscint ní hamháin go mbaineann aitheantas tábhachtach léi dó/di féin, gur ionadaí é gach dalta dá scoil féin chomh maith. Is scoil lán-Ghaelach í Coláiste na bPiarsach atá faoi phatrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh & Ros Comáin. Tá sé mar aidhm ag Coláiste na bPiarsach timpeallacht fháiltiúil, shlán agus ordaithe a chur ar fáil do chuile scoláire, ina dtugtar gach aon tacaíocht barr a chumas acadúil, pearsanta, sóisialta agus móralach a bhaint amach, le féinmheas agus le meas ar a chéile.

Cómhthéacs

Deineadh an polasaí seo a fhorbairt le comhairliúchán pháirtithe leasmhara uile na scoile, agus ar aon dul le héiteas na scoile. Ba chóir go leifí é i gcómhthéacs Polasaí Sláinte agus Sábháilteacht, Polasaí Cód Iompar, Polasaí Turais Scoile agus Polasaí Frith-Bhulaíocht na scoile. Molann Coláiste na bPiarsach barr feabhais, agus na caighdéain is airde gnóthaíochta san uile ní. Is léiriú ríthábhachtach ar na hairdchaighdeáin úd an t-éide scoile. Deimhníonn sé ábhar bróid ár ndaltaí, go háirithe ar ocáidí ina ndéanann siad ionadaíocht ar son a scoile ag imeachtaí seach-churaclaim agus spóirt.

Tacaíonn éadaí sábháilte agus oiriúnacha go mór leis an bhfoghlaim. Creidtear i gColáiste na bPiarsach gur cuid lárnach d'éiteas na scoile an chulaith scoile, agus go bhfuil ról tábhachtach aici chun iompar dearfach, aitheantas agus bród scoile a chothú, agus le cuimsiú a chothú i measc daltaí ó gach cúlra agus cine, saor ó bhrú sóisialta chun gléasadh ar chuma áirithe. Cothaíonn an t-éide scoile aontas agus gaoil dearfacha idir daltaí, a thacaíonn ardchaighdeáin teagaisc agus fhoghlama. Is siombal láidir dár bpobal foghlama an t-éide scoile. Léiríonn sé ár mbród scoile, agus mar sin, coiméadtar go slachtmhar é i gconaí. Déantar gach iarracht le cinntiú go bhfuil an Polasaí Éide Scoile cothrom agus réasúnta i dtéarmaí praicticiúlacht agus costas de.

Spriocanna an pholasaithe

(a) Is é polasaí na scoile go gcaitheann daltaí an chulaith scoile iomlán le linn scoile, le linn imeachtaí scoile agus le linn scrúdaíthe stáit. Tá an tréimhse a chaitear ar scoil lasmuigh d'uaireanta scoile san áireamh anseo, maraon leis an aistear chuig agus ón scoil.
(b) Cothaíonn an chulaith scoile aitheantas i measc daltaí faoi phobal scoile.
(c) Tacaíonn an chulaith scoile le cothromaíocht idir daltaí, agus le comórtas a sheachaint.
(d) Cabhraíonn sí le heagar i dtimpeallacht na scoile.
(e) Cothaíonn sí freagracht phearsanta. Ní mór do gach dalta a chinntiú go bhfuil sé/sí ag caitheamh éadaí scoile glana, slachtmhara i gcónaí.

Is é atá i gceist le culaith scoile Choláiste na bPiarsach ná:

a) Geansaí dúghorm le suaitheantas na scoile
b) Teabhsar dúghorm le suaitheantas na scoile
c) T Léine bhán le suaitheantas na scoile
d) Seaicéad ghoirm le suaitheantas na scoile

*Ní ghlacfar le aon seaicéad eile scoile ach ceann oifigiúil Choláiste na bPiarsach.
* Ní ghlacfar le aon gnáth t-léine ach ceann oifigiúil Choláiste na bPiarsach.
* Ní ghlacfar le aon treabhsar a bhfuil stiallacha iontu.
* Níl an scoil freagrach as gnéithe den éide scoile a chailltear, a ghoidtear nó ar a ndéantar damáiste.
*Ní cuid de Chulaith scoile Choláiste na bPiarsach caipín, hata, scaifeanna nó níthe mar iad.Ach ceadófar hata nó scaif ar maidin, le linn an dá bhriseadh agus i ndiaidh na scoile amuigh sa chlós. Ní cheadófar iad ins na ranganna ná ins an bhfoirgnimh ar chor ar bith.
*Le linn laethanta corpoideachais, tugtar deis do scoláirí gnáthéadach spóirte a chaitheamh ag an scoil.

Ag taisteal chuig/ón scoil

Caitear an t-éide scoile iomlán ag taisteal chuig agus ón scoil.

Róil agus Freagrachtaí

- **Freagrachtaí na dTuismitheoirí**

Braitheann an scoil ar thacaíocht na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus an polasaí seo a chur i bhfeidhm aici. **Déanfaidh an scoil dianiarracht éide scoile bhreise a chur ar fáil do dhaltaí atá i láthair gan éide scoile.**

Is í freagracht gach tuismitheora/caomhnóra ná go bhfuil:
a) Do mhac/d'iníon ag caitheamh a (h)éide scoile iomlán cuí ar scoil, chuig gníomhaíochtaí scoile agus i rith scrúdaíthe stáit;
b) Cúis dhílis ag daltaí bheith gan éide scoile agus go bhfuil nóta dátaithe agus sínithe ag tuismitheoir/caomhnóir go dtí a (h)oide ranga roimh 08:50 ar an lá i gceist, ag míniú na cúise, ags nóta dochtúra a chur chuig na scoile i gcás riachtanais leighis;
c) Lipéid shoiléire le hainm an dalta ar gach cuid den chulaith scoile le peann buan níocháin.
d) Éadaí oiriúnacha á chaitheamh ag an dalta ar laethanta atá 'saor ó éide scoile';

- **Freagrachtaí na Múinteoirí**

Déanfaidh múinteoirí monatóireacht ar an éide scoile ar bhonn laethúil.

- **Neamhchomhlíonadh le hionchas an éide scoile**

a) Iarrfar ar dhalta a c(h)ruth a fheabhsú ar scoil nó i rith gníomhaíochtaí scoile más gá.
b) Má tá dalta ag caitheamh ball éadaigh nach gcomhlíonann an ionchas éide scoile, iarrfar air/uirthi é a chur ina m(h)ála nó é a chur isteach sa oifig.
c) I gcás nach gcloíann dalta le rialacha maidir le héide scoile, cuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm de réir Pholasaí Chód Iompar na scoile.
d) Munar féidir le dalta cloí le riachtanas éigin éide scoile ar bhonn leighis, ba chóir dó/di nóta dochtúra a thabhairt chun na scoile maidin an lae atá i gceist.
e) Is iad údaráis na scoile a thógfaidh an cinneadh faoi cad is caighdeán sásúil éide scoile ann.
f) Sa chás go dtagann dalta ar scoil gan éadaí scoile iomlán, tabharfar an chuid éadaigh atá in easnamh ar iasacht don dalta sin. Ní mór na héadaí seo a thabhairt ar ais don scoil nuair a chríochnófar leo.

Ábhar Airgeadais

Sa chás nach gcloíonn dalta le riachtainisí an pholasaithe seo, déanfar fiosrúcháin chiúine ar chúiseanna an neamhchomhionnanais seo. Más ar chúiseanna airgeadais é, léireoidh Coláiste na bPiarsach tuiscint ar an scéal. Níor cheart go mbraithfeadh dalta míchompordach toisc nach bhfuil sé a chumas ar m(h)uintire an t-éide scoile a cheannacht. Más gá, cabhróidh an scoil leis an dalta éadaí scoile a cheannacht.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag tús an scoilbhliain 2022/23.
Faofa ag Bord Bainistíochta Choláiste na bPiarsach, Ros Muc ar an…….
..... Cathaoirleach